



An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt
Eacnamaíoch agus Shóisialta

Tuarascáil Bhliantúil
Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2008



An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

Tuarascáil Bhliantúil

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2008

Innéacs

1	Réamhrá	3
2	Tionscadal FuturesIreland	5
3	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta	7
4	An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta	11
5	An Tionad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta	17
6	Beartais Chuntasaíochta NESDO	25
7	Ráiteas Airgeadais NESDO	27




1. Réamhrá

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO) mar thoradh ar an Acht um an Oifig d’Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta, 2006. Tá feidhmeanna ag NESDO comhairle a chur ar an Taoiseach ar gach ceist straitéiseach a bhaineann leis an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta sa Stát. Comhlíonann sí an fheidhm sin mar seo a leanas:

- cláir chomhlántacha thaighde, anailíse agus dhíospóireachtaí ag a trí cinn de chomh-chomhlachtaí a éascú agus a chur chun cinn, mar atá an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC), an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NESF) agus an tIonad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta (NCPP);
- riarachán agus seirbhísí tacaíochta roinnte a sholáthar do na comh-chomhlachtaí;
- aon tuarascálacha, moltaí nó conclúidí de chuid chomh-chomhlachta a thugtar di, a d’fheadfadh teacht ó thaighde, suirbhé nó staidéar a rinne an comhlacht, a chur faoi bhráid an Rialtais; agus
- foilsiú de thuarascálacha, moltaí nó conclúidí a thagann as comhlacht mar sin a shocrú.

Tháinig forálacha an Achta i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2007 mar gheall ar ordú a shínigh an Taoiseach a cheap an lá sin mar ‘lá bunaithe’, mar a sholáthair an tAcht.

Tá sé mar phríomhról ag NESDO luach a chur le hobair a comh-chomhlachtaí trí na coinníollacha a chruthú inar féidir sineirgí a chruthú, comhthionscadail a leanúint agus an poitéinseal do dhúbailt a íoslaghdú. Cuireann NESDO forbairt na físe roinnte chun cinn leis na spriocanna seo a bhaint amach agus chun na comh-chomhlachtaí a spreagadh a n-iarrachtaí a uasmhéadú trí chomhthionscnaimh fhorbartha bheartais. Ina theannta sin, soláthraíonn NESDO cóiríocht roinnte, riarachán agus seirbhísí tacaíochta dá comh-chomhlachtaí. I measc na seirbhísí a sholáthraíonn sí do na comhlachtaí ná bainistíocht acmhainní daonna, IT agus riarachán ginearálta.



2. Tionscadal FuturesIreland

D'iarr Roinn an Taoisigh agus na Comhpháirtithe Sóisialta ar NESDO cleachtadh fadbhreathnaitheachta a dhéanamh ar an tSochaí Fhoghlama. Cuireadh tús leis an tionscadal in Aibreán 2007 agus tá sé le críochnú i lár 2009.

Déanann an tionscadal, ar a dtugtar *FuturesIreland*, scrúdú ar thiomhdí agus ar chreidimh reatha a threoshuíonn cleachtas, smaoineamh agus ceapadh beartais in Éirinn agus, ar an dóigh sin, oibríonn chun tuilleadh léargais a fhorbairt faoi fhéidearachtaí sa todhchaí. Cuireann sé le hanailísí agus obair taobh istigh de chomhlachtaí NESDO, a chuir tuilleadh béime ina gcuid oibre féin ar dhúshláin bhunúsacha rialachais agus eagraithe i sochaí atá níos turgnamhaí, níos rannpháirtíoch agus níos dinimiciúla go sóisialta.

Tá sé mar aidhm ag *FuturesIreland* cur le hoibreacha reatha todhchaíoch agus iad a chomhlánú, in ionad iad a mhacasamhlú. Léirítear é seo ina fhócas substainteach agus ina mhodh oibre glactha. Chun luach a chur le hobair chnámh scéil reatha, cuireann an tionscadal béim ar dhá réimse ar leith:

- Nualaíocht i gcomhthéacs de neamhchinnteacht agus débhríocht; agus
- Forluí agus idirghníomhú idir cruthú saibhris, sochaí agus rialachas/cinnteoireacht.

Tá an cur chuige maidir leis na téamaí seo a fhiosrú curtha ar an eolas ag:

- Smaointeoireacht líonra, atá ina cuidiú i dtaca leis na cosúlachtaí agus na difríochtaí a shoilsiú idir ceisteanna nualaíochta agus eagraithe sa réimse gnó/geilleagair, sochaí agus rialachas poiblí; agus

- Taithí, a léiríonn go bhfuil sé ar chumas na ndaoine féidearthachtaí nua i gcleachtas a shamhlú agus/nó a chruthú.

Bhain an tionscadal le trí chéim nasctha oibre: (i) smaoinreamh agus bailíochtú le gníomhaithe ag leibhéal sinsearach, (ii) cuardach agus taighde i measc daoine a bhfuil taithí agus smaointe ceannródaíocha acu, agus (iii) anailís agus díospóireacht le saineolaithe idirnáisiúnta. Agus í i mbun an tionscadail seo d'oibrigh NESDO le painéal comhairleach náisiúnta, painéal comhairliúcháin agus roinnt saineolaithe (Tábla 1).

Ullmhaíodh tuarascáil, *Evidence and Emerging Findings in the FuturesIreland Project*, don Phainéal Comhairleach Náisiúnta i Samhain 2008. Chuir an tuarascáil na príomh-thorthaí ón obair chuardaidh agus thaighde sa tionscadal *FuturesIreland* i láthair. Rinne na comhaltaí argóint gurbh é an dúshlán ná cinnte a dhéanamh de go measfaí na torthaí a bheith ábhartha don ghéarchéim airgeadais agus eacnamaíoch a bhí ag teacht go láidir chun tosaigh ag an bpointe sin.

Tá Rúnaíocht NESDO ag tabhairt tuarascála chun críche faoi láthair, *Ireland at Another Turning Point*, a chuireann béim ar ábharthacht an obair *FuturesIreland* don ghéarchéim reatha agus d'fhorbairt in Éirinn san fhadtéarma. Foilseofar an páipéar seo san Fhómhair 2009.

Soláthraíonn an láithreán gréasáin www.futuresireland.ie tuilleadh sonraí ar an tionscadal, chomh maith le roinnt páipéar cúlra a ullmhaíodh don Phainéal Comhairleach Náisiúnta.

TÁBLA 1 Struchtúir Thacaíochta FuturesIreland

An Painéal Comhairleach Náisiúnta

Bunaíodh Painéal Comhairleach Náisiúnta (NAP) ina bhfuil 23 comhalta, agus Peter Cassells, Cathaoirleach an NCPP mar chathaoirleach. Is cuid ríthábhachtach den tionscadal *FuturesIreland* é an NAP. Tá ról thábhachtacha cheannaireachta ag comhaltaí NAP i réimse eagraíochtaí i sochaí na hÉireann. Is leis an ngrúpa seo atá na príomh-hipitéisí agus na príomhsmaointe a bhaineann le todhchaí fhéideartha agus inmhianaithe na hÉireann á n-oibriú amach agus á dtástáil. Bhuail an Painéal le chéile seacht n-uaire.

An Painéal Comhairliúcháin

Is é ról an Phainéil Chomhairliúcháin scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar phróisis eacnamaíocha, shóisialta agus chinnteoireachta in Éirinn. Ghin an Painéal smaointe agus chuntais nua maidir le heagrú de ghníomhaíocht eacnamaíoch, shóisialta agus rialachais phoiblí in Éirinn, agus go háirithe na naisc idir na réimsí seo. Tá 160 duine ar an bPainéal Comhairliúcháin, a bhuail le chéile trí uair.

Saineolaithe Idirnáisiúnta

Tá an Dr. Maureen Gaffney, Cathaoirleach NESF, mar chathaoirleach ar an obair leis na Saineolaithe Idirnáisiúnta. D'oibrigh triúr saineolaithe idirnáisiúnta, an tOllamh Carlota Perez (Ollscoil Cambridge), an tOllamh Yochai Benkler (Ollscoil Harvard) agus an tOllamh Charles Sabel (Scoil Dlí Columbia, NY) go dlúth leis an Rúnaíocht. Bhí ceardlann leis an Ollamh Benkler i Londan i bhFeabhra 2008 agus leis an Ollamh Perez i mBaile Átha Cliath in Aibreán 2008. D'oibrigh an tOllamh Charles Sabel leis an bPainéal Comhairliúcháin ar feadh ceithre lá i nDeireadh Fómhair 2008.



3. An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta

Réamhrá

Le linn 2008, lean an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC) ar aghaidh le hobair ar an gclár oibre a glacadh i 2007 (féach Tuarascáil Bhliantúil 2007). Dhírigh obair na Comhairle ar thrí thionscadal:

1. Geilleagar na hÉireann go Luath sa 21ú hAois;
2. An tAontas Eorpach; agus
3. An chéad Tuarascáil Sóisialta Tréimhsiúil in Éirinn.

Ina theannta sin, phléigh an Chomhairle, i Samhain agus i Nollaig 2008, an ghéar-chéim eacnamaíoch náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus ar bhonn na ndíospóireachtaí seo d'fhoilsigh an Chomhairle tuarascáil i Márta 2009 (féach thíos).

Tuarascáil Eacnamaíoch

Pléadh dréachtchaibidlí den Tuarascáil Eacnamaíoch ag cruinnithe na Comhairle idir Eanáir agus Aibreán. Rinne an tuarascáil athbhreithniú ar fheidhmíocht eacnamaíoch na hÉireann ar na mallaibh, ag déanamh anailíse ar fhás eacnamaíoch, ar fhostaíocht agus dífhostaíocht, ar ioncain agus tuilleamh, ar fhorbairtí i saibhreas príobháideach agus poiblí, ar chostas agus iomaíochas, ar airgeadas poiblí agus ar dhúshlán atá ag teacht chun cinn. Agus í ag gníomhú ar anailís níos luaithe na Comhairle ar an gcaidreamh idir forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, rinne an

tuarascáil fiosrú ar cheithre príomhthéama:

- (i) Todhchaí na déantúsaíochta;
- (ii) Éirí na seirbhísí;
- (iii) Dinimiceas réigiúnach; agus
- (iv) Ag tabhairt tacaíochta do dhaoine i ngeilleagar beag oscailte.

Mheas an chaibidil deiridh na himpleachtaí a bhaineann leis an ngéarchéim eacnamaíoch atá ag teacht chun cinn do bheartas in Éirinn. Tagann dhá thosaíocht bheartais uileghabhálacha chun cinn ón anailís:

Ar an gcéad dul síos, an riachtanas atá ann cuid de na hinfheistíochtaí straitéiseacha sa Phlean Forbartha Náisiúnta, 2007-2013, a mhionchoigeartú, agus an comhaontú sóisialta comhpháirtíochta *Towards 2016*, gnéithe dá chuid ar a bhfuil athruithe de dhíth mar gheall ar eolas agus tuiscint nua; agus

Ar an dara dul síos, an riachtanas atá ann trasdul doiligh don gheilleagar a bhainistiú le linn comheachtra neamhchinnte.

Tháinig an tuarastáil chun deiridh le plé ar an dúshlán atá roimh an rialtas agus roimh na comhpháirtithe sóisialta chun cur chuige comhsheasmhach beartais a chothabháil i dtosca an-deacair. Rinne an Chomhairle argóint gur gá leis an rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta a bheith in ann seasamh ar agus cur san áireamh sraith d'fhorbairtí agus de thuiscintí idirghaolmhara agus iad ag dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann le beartas poiblí agus le margáil faoi phá. Baineann siadsan le riachtanais sa mheántearma do rath eacnamaíoch, forbairt an stáit leasa, an margadh fostaíochta, iomaíochas, nuachóiriú den earnáil phoiblí agus gealltanais le hoibriú taobh istigh den chreatlach chomhpháirtíochta shóisialta deich bliana *Towards 2016*. Foilsíodh an anailís seo i Meitheamh 2008 mar Thuarascáil NESD uimhir 117, *The Irish Economy in the 21st Century*.

An tAontas Eorpach

D'iarr an Rialtas ar an gComhairle, in Iúil 2008, measúnú a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt ar:

- (i) An tionchar ag comhaltas an Aontais ar na príomhghnéithe d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann;
- (ii) An phróifíl athraitheach i rannpháirtíocht na hÉireann leis an Aontas de réir mar a d'fhorbair a chomhdhéanamh, a shocruithe institiúide agus a *acquis* beartais;
- (iii) An tábhacht le comhaltas an AE agus feidhmíocht an AE do leasanna na hÉireann i gcomhthéacs domhanda; agus
- (iv) Na tosca a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar leasanna straitéiseacha na hÉireann san Eoraip sa tréimhse amach romhainn.

Rinne an Chomhairle plé i Meán Fómhair ar thogra na Rúnaíochta ar an dóigh leis an staidéar seo a dhéanamh. Bhí obair na Rúnaíochta ar bun idir Meán Fómhair agus Samhain, nuair a chuir an fhoireann tús le hobair ar an ngéarchéim eacnamaíoch a bhí ag teacht chun tosaigh (féach thíos).

An Tuarascáil Shóisialta

Léiríonn an Tuarascáil Shóisialta táscairí de dhul chun cinn in Éirinn taobh istigh de chreatlach leasa, ag déanamh scrúdaithe ar leas thar sé réimse: (i) acmhainní eacnamaíocha; (ii) obair / rannpháirtíocht, (iii) caidrimh / cúram, (iv) pobal / timpeallacht, (v) sláinte agus (vi) daonlathas / luachanna. Baineann an tuarascáil úsáid as an litríocht leasa chun réasúnaíocht a sholáthar leis an gcur chuige seo a ghlacadh, agus rianaíonn sí treochtaí leasa in Éirinn sna fiche bliain atá thart. Cuireann ceithre chaibidil na treochtaí seo taobh istigh de chreatlach na saolré, ag tabhairt eolais ar leanaí, ar dhaoine in aois fostaíochta, ar dhaoine aosta agus ar dhaoine faoi mhíchumas, de réir na ngealltanas beartais mar a leagtar amach in *Towards 2016*.

Rinneadh plé ar dhréachtchaibidlí na Tuarascála Sóisialta ó Eanáir go dtí Meán Fómhair. Le teacht chun cinn tobann agus dáirire an mheathlaithe, dhírigh an Chomhairle a haird ar dhul i ngleic leis an ngéarchéim eacnamaíoch níos déanaí sa bhliain. Rinneadh tuilleadh oibre ar an Tuarascáil Shóisialta chun ábharthacht an leasa do dhul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch ag am meathlaithe a leagan amach.

An Ghéarchéim Eacnamaíoch

Rinne an Chomhairle plé, i gcrúinniú na Samhna, ar an ngéarchéim eacnamaíoch idirnáisiúnta agus intíre a tháinig ón ngéarchor creidmheasa domhanda agus ón meathlú bainteach. Le haghaidh cruinnithe na Nollag, d’ullmhaigh an Rúnaíocht páipéar ‘A partnership approach to the framework for economic renewal’, a spreag díospóireacht forleathan ar an ngéarchéim. Sholáthair an anailís agus an díospóireacht sin cuid mhór den bhonn maidir le hobair na Comhairle i míonna luatha 2009, agus foilseachán de Thuarascáil NESC uimhir 118 mar thoradh air sin, *Ireland’s Five-Part Crisis: An Integrated National Response*.

Cruinnithe ESC

Ghlac NESC páirt i gCruinniú Bliantúil na gComhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta de bhallstáit an Aontais Eorpaigh, a d’óstáil Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta Mhálta i 2008. Dhírigh sé sin ar chomparáid a dhéanamh ar fhreagraí na rialtas náisiúnta agus na gcomhairlí eacnamaíocha agus sóisialta ar an ngéarchéim airgeadais agus eacnamaíoch idirnáisiúnta.

Cruinnithe Comhairle NESC Le Linn 2008

Bhuail an NESC le cheile deich n-uaire le linn 2008

- 18 Eanáir
- 29 Feabhra
- 14 Márta
- 18 Aibreán
- 16 Bealtaine

— 20 Meitheamh

— 18 Iúil

— 19 Méan Fómhair

— 21 Samhain

— 19 Nollaig

Le linn 2008, rinne comhaltas de Rúnaíocht an NESC roinnt cur i láthair ar obair na Comhairle, ghlac páirt i réimse de comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna, agus d'fhreastal ar roinnt coistí agus grúpaí oibre. Tá cuid de na gníomhaíochtaí seo liostaithe thíos.

Bhí an Stiúrthóir, an Dr. Rory O'Donnell, mar

- Chomhalta de Ghrúpa Oibre An tÚdarás um Fhaifnéif agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ag dréachtú Caighdeán Náisiúnta Cáilíochta: Seirbhísí Cónaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas;
- Chomhalta de Ghrúpa Comhairleach Cánach, Forfás;
- Chomhalta Éireannach malartaigh de Bhord Ghníomhaireachta an AE um Chearta Bunúsacha (athcheaptha ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i 2007);
- Chomhalta de Choiste Comhairleach de chuid Forfás 'Cnámha Scéil Socheacnamaíocha';
- Chomhalta den Ghrúpa Oibre An tÚdarás um Ardoideachas (HEA) ar thodhchaí na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta;
- Chomhalta boird, 'Dialóg ar Dhaonlathas';
- Comhalta boird, An Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil; agus
- Comhalta de Choiste Feidhmiúcháin, Institiúid um Chúrsaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha.

Ina theannta sin, ba é an Dr. O'Donnell údar de 'The Partnership State: building the ship at sea' in M. Adshear, P. Kirby agus M. Miller (eags.) *Contesting the State: Lessons from the Irish Case*, Manchester University Press.

Anailísí Sinsearacha ar Bheartas Sóisialta, an Dr. John Sweeney

- d'fhoilsigh páipéar dar teideal "Second Tier Child Income Support: The Case for Innovation" in Irisleabhar Chumann Fiosraithe Staidrimh agus Sóisialta na hÉireann Iml. XXXVII;
- d'oibrigh le Boird Thamhlachta agus Bhaile Munna atá ag seachadadh na gClár Coisc agus Idirghabhála Luath den OMC/Daonchairdis Atlantacha; agus
- d'fhoilsigh 'What is Happening to the Irish Economy?' sa Dublin Review of Books, Eagrán Uimhir 8 Geimhreadh 2008-09.



4. An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta

Réamhrá

San údarás athnuaithe a thug an Rialtas dó go luath i 2008, iarradh ar an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NESF) a fhócas a neartú le scrúdú a dhéanamh ar dhóigheanna chun cur i gníomh na mbeartas ar an talamh a fheabhsú. Trína chomhaltas éagsúil agus a thaití de phróisis bheartas trasna teorainneacha institiúide agus roinne, tá cumas ar an NESF nuálaíochtaí agus leasúcháin san earnáil phoiblí a shainaithint ionas gur féidir le seirbhísí poiblí riachtanais aonair a chomhlíonadh ar dhóigh níos fearr agus a sheachadadh ar dhóigh níos eifeachtaí sa todhchaí.

Struchtúir Oibre NESF

Lena Chathaoirleach agus Rúnaíocht neamhspleách, struchtúraítear obair an NESF trí:

- Seisiúin iomlánacha de 62 comhalta iomlán an NESF, a dhéanann díospóireacht, inter alia, ar an gclár oibre agus ar na tuarascálacha/na tuairimí a d'ullmhaigh a Fhoirne Tionscadal;
- Coiste Bainistíochta (ionadaithe ó gach ceann de 4 Snáithe an NESF – féach Aguisín 3), a bhuaileann le chéile go rialta le feidhmíocht ghinearálta an NESF a athbhreithniú, lena n-áirítear glacadh foirmiúil de chlár oibre an NESF agus de thuarascálacha ó na Foirne Tionscadal; agus

- Foirne Tionscadal, atá mar phríomhchomhlachtaí páirteacha in ullmhúchán na dtuarascálacha agus a bhfuil ballraíocht acu atá comhdhéanta d'ionadaíocht chothrom ó gach Snáithe chomh maith le saineolaithe seachtracha.

An Chéad Seisiún Iomlánach

Chuir Cathaoirleach an NESF, an Dr. Maureen Gaffney, páipéar i láthair an Fhóiraim a thug breac-chuntas ar raon an údaráis nua ón rialtas. Dhírigh an páipéar ar na mórghúsláin de chur i gníomh beartas—cur i gníomh neamhiomlán agus fánach, torthaí neamhbheartaithe agus neamh-inmhianaithe, nó teip iomlán den chur i gníomh, agus leag amach an dóigh a mbreathnódh an NESF - ní amháin ar na cúiseanna ‘crua’ le teipeanna de chur i gníomh, mar atá buiséid, pleananna seachadta agus pleananna tionscadail—ach ar na ceisteanna ‘boga’ freisin, mar atá ceannaireacht, freagracht agus an cultúr eagraíochtúil. Bhí an Chéad Seisiún Iomlánach (sa téarma oifige reatha) san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann ar 14 Bealtaine 2008. Ba é príomhfhócas substainteach an tSeisiúin ná plé ar théamaí beartas ar mhian leis na comhaltaí a bheith mar chuid de Chlár Oibre nua an NESF.

Clár Oibre NESF i 2008

Ba iad seo a leanas na príomhréimsí oibre ar díriodh orthu le linn na bliana:

- *An Cúigiú Tuarascáil Tréimhsiúil;*
- *Litearthacht Leanaí agus Cuimsiú Sóisialta;*
- *An Scéim Thacaíochta um Chúram Baile do Dhaoine Aosta; agus*
- *An Fóram um Chuimsiú Sóisialta.*

An Cúigiú Tuarascáil Tréimhsiúil

Is í an Cúigiú Tuarascáil Tréimhsiúil an ceann is déanaí i sraith de thuarascálacha a ullmhaíonn an NESF ó am go ham chun gníomhú leantach a athbhreithniú, don chuid is mó ag Ranna Rialtais agus ag Gníomhaireachtaí Stáit, ar na tuarascálacha beartas a ghlac siad thar thréimhse áirithe ina gcúrsaí oibre. Rinne sé measúnú ar an tionchar ar bheartais agus chlár an Rialtais atá ag an obair a d'fhoilsigh an NESF sa tréimhse 2003-2006.

Ba iad seo a leanas na príomhréimsí a clúdaíodh sa tuarascáil:

- *Oibrithe Aosta;*
- *Beartais Chomhionannais do Dhaoine Leispiacha, Aeracha agus Déghnéasacha LGB);*
- *Caipiteal Sóisialta;*
- *Cúram agus Oideachas Luath Óige;*

- *Cúram do Dhaoine Aosta; agus*
- *Margadh Fostaíochta Níos Cuimsithí a Chruthú.*

Mhol an Taoiseach, An tUas. Brian Cowen, ina Bhrollach sa Tuarascáil reatha, an NESF mar gheall ar a ‘mheasúnú agus anailís shuntasach ar dhúshláin tábhachtacha sóisialta’, a mholtaí le haghaidh athruithe agus forbartha agus a ‘léargas achomair ar an riachtanas le hullmhúchán leantach d’athrú, agus oiriúnú d’athrú i sochaí na hÉireann’.

Litearthacht Leanaí agus Cuimsiú Sóisialta

Bunaíodh Foireann Tionscadail NESF le haghaidh oibre ar Litearthacht Leanaí agus Cuimsiú Sóisialta i Meán Fómhair 2008, faoi Cathaoirleacht an Ollaimh Áine Hyland, a d’éirigh as Coláiste Ollscoile Chorcaí ar na mallaibh. Ba í an Dr. Jeanne Moore an tAnailísí Beartais NESF bainteach. Buailéann an Foireann le chéile go míosúil.

Tá an Tionscadal ag déanamh scrúdaithe ar phróiseas an fheidhmiúcháin maidir le beartais atá ag iarraidh dul i ngleic le Litearthacht Leanaí agus Cuimsiú Sóisialta. Tá fadhbanna litearthachta ag breis is 30% de leanaí bunscoile i gceantair faoi mhíbhuntáiste (Cigearacht na Roinne Oideachais, 2007). Chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Plean Gníomhaithe um Chuimsiú Sóisialta ar fáil – *Ag Seachadadh Comhionannas Deiseanna i Scoileanna* (DEIS) atá deartha chun cur chuige níos soiléire agus spriocdhírithe don fhadhb a sholáthar.

Bhí sé mar phríomhaidhm ag obair NESF bacainní agus tacaíochtaí do chur i ngníomh éifeachtach a aimsiú, taobh istigh agus taobh amuigh de scoileanna, agus tagairt ar leith don bhaile agus don údarás áitiúil.

Taobh istigh de chreatlach an dea-chleachtais go hidirnáisiúnta, ghlac an Foireann Tionscadail le cur chuige an cás-staidéir, agus é á úsáid i samplaí de sheachadadh beartas. Roghnaíodh scoileanna atá ag freastal faoi láthair do phobail faoi mhíbhuntáiste atá ag glacadh páirte sa Chlár DEIS. Thug an Rúnaíocht cuairt ar roinnt scoileanna i gCorcaigh, Luimneach agus Baile Átha Cliath agus agallaimh déanta le foirne agus le tuismitheoirí. Cuireadh tionscadal Pobail i mBaile Átha Cliath san áireamh san obair seo freisin.

Mar gheall ar ghairm phoiblí le haghaidh aighneachtaí bhí beagnach 100 aighneacht, ó mhúinteoirí, leabharlanna, tuismitheoirí, eagraíochtaí leanaí, cuideachtaí comhpháirtíochta agus grúpaí Pobail agus Deonacha.

Choimisiúnaigh an Foireann dhá pháipéar:

- *Mapáil de thionscnaimh agus tionscadail litearthachta leanaí neamhscoile ag Cynthia Deane; agus*
- *Litearthacht a fheabhsú i scoileanna atá ag freastal ar phobail faoi mhíbhuntáiste: ceisteanna beartais agus feidhmiúcháin ag an Dr. Eithne Kennedy.*

Tá an Foireann Tionscadal ag súil lena cuid oibre a chríochnú roimh Shamhradh 2009.

An Scéim Thacaíochta um Chúram Baile

Tugadh an Scéim Thacaíochta um Chúram Baile, nó an Pacáiste um Chúram Baile (HCP), mar is fearr aithne air, isteach i 2006. Eagraíonn agus maoiníonn an HSE na HCPí chun cúram a sholáthar do dhuine sa bhaile. Tá sé seo le haghaidh duine aosta de ghnáth, ach atá ar fáil freisin do dhaoine faoi mhíchumas. Tá gach pacáiste éagsúil cionn is go mbaineann sé le riachtanais an duine aonair, agus is féidir seirbhísí de bhanaltraí, freastalaithe cúram baile, cúntóirí baile agus teiripeoirí éagsúla, ina measc fisiteiripeoirí agus teiripeoirí saothair, a bheith clúdaithe. I measc na mbuntáistí le HCPí ná gur féidir an duine a scaoileadh ón ospidéal níos luaithe, nó fanacht sa bhaile gan riachtanas dul isteach san ospidéal ar chor ar bith.

Bhí an tOllamh Tony Fahey ó UCD mar chathaoirleach ar an bhfoireann tionscadail NESF a bhí ag déanamh athbhreithnithe ar chur i ngníomh na HCPí. Ba í an Dr. AnneMarie McGauran an tAnailísi Beartais don Fhoireann. Ba iad seo a téarmaí tagartha:

- Gnéithe de chur chuige idéalach 'bunaithe ar thorthaí' i dtaca le forbairt agus cur i ngníomh beartais a shainaitheint;
- Comparáid a dhéanamh idir forbairt agus foirmiú den Scéim Phacáiste um Chúram Baile agus an t-idéal seo; agus
- Scrúdú a dhéanamh ar sheachadadh na Scéime ar an talamh chun céim an chur i ngníomh beartais a bhí ann a fháil amach, chomh maith le héagsúlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhí ann agus na tosca féideartha chun na heagsúlachtaí sin a mhíniú.

Tugadh breac-chuntas ar an gcur chuige idéalach 'bunaithe ar thorthaí' maidir le forbairt agus cur i ngníomh beartais sa tuarascáil *OECD 2008, Ireland: Towards an Integrated Public Service*, agus molann gur cheart go mbeadh iad seo a leanas mar chuid den phróiseas beartais:

- cuspóirí agus spriocanna soiléire;
- pleanáil mhaith straitéise;
- measúnú agus tomhas;
- feidhmíocht a cheangal le buiséid;
- freagracht agus spreagthaí; agus
- comhordú le gach eagraíocht a sheachadann seirbhísí sa réimse beartais sin.

Tugadh roinnt cur i láthair don Fhoireann Tionscadal ar an dóigh ar forbríodh an Pacáiste um Chúram Baile.

Tá obair ar siúl faoi láthair ar Chuid 3 de na téarmaí tagartha. Tionóladh grúpaí fócais le grúpaí ionadaithe (ina measc daoine aosta agus foirne ó éagraíochtaí a sholáthraíonn pacáistí cúram baile). Tá éagsúlachtaí sa phróiseas de leithdháileadh agus bainistiú HCPí á sainaithint freisin trí cheistiúcháin ón bhFoireann Tionscadal chuig Oifigí Sláinte Áitiúla HSE, agus trí thaighde cáilíochtúil.

Soláthraíonn obair na Foirne eolas ríthábhachtach ar an dóigh ar dearadh an beartas pacáiste um chúram baile agus a bhfuil sé á chur i bhfeidhm, ar éagsúlachtaí áitiúla i dtaca le cur i bhfeidhm agus ar na tosca as a dtagann na héagsúlachtaí sin. Soláthróidh an tionscadal foghlaim luachmhar ar na próisis de chur i ngníomh beartas a d'fhéadfadh, go ginearálta, a bheith aistrithe trasna chuig réimsí beartais eile.

Tá sé mar aidhm torthaí an tionscadail a bhreacadh go hiomlán go luath i Samhradh 2009.

An Fóram um Chuimsiú Sóisialta

Tarraingíonn an Fóram um Chuimsiú Sóisialta (SIF), a ghaireann an NESF go bliantúil le cúnamh ón Oifig um Chuimsiú Sóisialta, líon an-mhór rannpháirtithe. Tá ardú leanúnach ar na rátálacha sásaimh a thagann astu siúd i láthair, agus breis is 70% acu a mheasann é a bheith ar dóigh nó an-mhaith. Bhí an cruinniú is déanaí den Fhóram – an cúigiú ceann acu - ar 26 Samhain 2008. Tharla sé san Ionad Comhdhála i bPáirc an Chrócaigh chun freastal an-mhór a éascú.

Bhunaigh an Rialtas an Fóram le deis a sholáthar do réimse leathan grúpaí deonacha agus do dhaoine aonair ag leibhéal áitiúil:

- Chun a dtuairimí agus a dtaithe ar phríomhbheartais agus ar cheisteanna i dtaca le cur i ngníomh a bhaineann leis an Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta (NAPS) a léiriú;
- Chun bacainní agus srianta ar dhul chun cinn a shainaitheint agus an dóigh is fearr le dul i ngleic leo a mholadh; agus
- Chun tograí a sholáthar i dtaca le forbairtí nua agus beartais níos éifeachtaí sa todhchaí.


Na príomhthéamaí a pléadh sna ceardlanna i mbliana ná cúram agus forbairt leanaí, rannpháirtíocht i bhfostaíocht a éascú do ghrúpaí i mbaol, seirbhísí comhtháite do dhaoine aosta agus soláthar tithíochta agus cóiríochta.

Amharcann an Coimisiún Eorpach ar an bhFóram mar shamhail de dheachleachtas do chomhairliúcháin le sochaí shibhialta ar chúrsaí beartais.

Scaipeadh Tuarascáil na Comhdhála chuig comhaltaí an Oireachtais, comhaltaí NESF agus Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais, chomh maith le gach duine a bhí i láthair. Cuirfear isteach í freisin le haghaidh airde an Choiste Comh-Aireachta ar Chuimsiú Sóisialta, Leanaí agus Comhtháthú.

Cruinnithe NESF i 2008

- Sa bhFráma nó Amuigh as an bPictiúr – Seimineár – 25 Feabhra
- An Coiste Bainistíochta – 22 Aibreán
- An Chéad Chruinniú Iomlánach – 14 Bealtaine
- An Coiste Bainistíochta – 13 Meitheamh
- An Fhoireann Tionscadal – Litearthacht Leanaí – 9 Meán Fómhair
- An Fhoireann Tionscadal - Tacaíochtaí um Chúram Baile – 9 Meán Fómhair
- An Coiste Bainistíochta – 17 Meán Fómhair
- An Fhoireann Tionscadal – Litearthacht Leanaí – 7 Deireadh Fómhair
- An Fhoireann Tionscadal – Tacaíochtaí um Chúram Baile – 8 Deireadh Fómhair
- An Fhoireann Tionscadal – Litearthacht Leanaí – 18 Samhain
- An Fhoireann Tionscadal – Tacaíochtaí um Chúram Baile – 19 Samhain
- An Cúigiú Fóram um Chuimsiú Sóisialta – 26 Samhain
- An Coiste Bainistíochta – 2 Nollaig
- An Fhoireann Tionscadal – Litearthacht Leanaí – 9 Nollaig
- An Fhoireann Tionscadal – Tacaíochtaí um Chúram Baile – 10 Nollaig



5. An tIonad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta

Réamhrá

Lean an Tionad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta (NCP) ar aghaidh le linn 2008 le cur chun cinn a straitéis ceithre bliana, *Ionaid Oibre na hÉireann: Straitéis le haghaidh Athraithe, Nuálaíochta agus Comhpháirtíochta 2007–2010*. Tá sé mar bhunchuspóir an Ionaid toilleadh a thógáil sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha do chur chuige atá bunaithe ar chomhpháirtíocht le haghaidh athraithe agus nuálaíochta san ionad oibre.

Oibríonn an NCP le réimse leathan de gheallsealbhóirí, ina measc an Rialtas agus na Comhpháirtithe Sóisialta, le dóigheanna nua oibre a fhorbairt agus a chur chun cinn a bheadh mar bhuntáiste suntasach d’eagraíochtaí agus dá bhfostaithe, agus le táirgeacht, feidhmíocht, solúbthacht, gealltanús agus sásamh as post a fheabhsú.

Mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíoch intíre a tháinig chun tosaigh le linn 2008, bhí ar an Ionad díriú ar bhearta chun tacaíocht a thabhairt do réitigh nuálaíochta san ionad oibre agus do chur chuige atá bunaithe ar chomhpháirtíocht le haghaidh téarnaimh gheilleagraigh.

Déanann an Tuarascáil seo cur síos ar obair chomhtháite an Ionaid sna réimsí tosaíochta seo a leanas:

- Anailís Thaighde agus Bheartais;
- Ciste Nuálaíochta an Ionaid Oibre; agus
- Tacaíocht, Cumarsáidí agus Tógáil Toillte.

Anailís Thaighde agus Bheartais

Suirbhéanna Náisiúnta an Ionaid Oibre

Chuir an NCPP tús i 2008 le forbairt ar an dara ceann dá sraith de Shuirbhéanna Náisiúnta an Ionaid Oibre. Is iad seo na suirbhéanna is cuimsithí i dtaca le tuairimí ar athrú san ionad oibre agus ar nuálaíocht a rinneadh riamh in Éirinn, agus soláthraíonn tacar sonraí uathúil le haghaidh anailíse agus forbartha an bheartais phoiblí ar athrú san ionad oibre agus ar nuálaíocht.

Tá Suirbhéanna Náisiúnta an Ionaid Oibre comhdhéanta de thrí shuirbhé ar leith mar seo a leanas: suirbhé de 5,000 fostaí sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha; suirbhé de 1,500 fostaí san earnáil phríobháideach agus thráchtála leathstáit, lena n-áirítear déantúsaíocht, tógáil agus seirbhísí; agus suirbhé de 400 sa bhainistíocht shinsearach agus cinnteoirí ar fud na seirbhíse poiblí go léir, ina Measc an Státseirbhís, na Fórsaí Cosanta, an Gárda Síochána, An tSeirbhís Phríosúin, comhlachtaí réigiúnacha, leathstáit neamhthráchtála, agus na hearnálacha sláinte agus oideachais.

Dearadh na suirbhéanna i gcomhairliúcháin le príomhranna agus príomhghníomhaireachtaí, agus cuirfidh na torthaí beartas poiblí ar an eolas maidir le hathrú eagraíochtúil agus nuálaíocht, caidrimh thionsclaíocha agus comhpháirtíocht san ionad oibre.

An Earnáil Sláinte – Tionscadal Ospidéal na Todhchaí

Lean an NCPP ar aghaidh le linn 2008 le dul chun cinn ar thionscadal Ospidéal na Todhchaí. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo bainistíocht agus cleachtais eagraíochtúla in Ospidéal na hÉireann a thagarmharcáil in éadan an dea-chleachtais idirnáisiúnta agus measúnú a dhéanamh ar na naisc idir cleachtais áirithe agus torthaí dearfacha othar. Is comhoibriú é an taighde seo idir an NCPP agus Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta na Seirbhíse Sláinte, ceardchumann na hearnála sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Rinneadh suirbhé cuimsitheach i ngach ceann de na daichead a naoi ospidéal géarmhíochaine in Éirinn idir Márta agus Meán Fómhair 2008. Soláthraíonn an suirbhé seo sonraí ar bheartais agus ar chleachtais eagraíochtúla mar bhaint agus rannpháirtíocht foirne, rialachas roinnte, obair na foirne ildisciplíneach, bainistíocht acmhainní daonna agus comhpháirtíocht san ionad oibre in ospidéal ghéarmhíochaine na hÉireann. Foilseofar an tuarascáil dheiridh i 2009.

Straitéis Náisiúnta an Ionaid Oibre

Lean Straitéis Náisiúnta an Ionaid Oibre ar aghaidh i 2008 le comhthéacs straitéiseach a sholáthar do chur i ngníomh na Straitéise NCPP. Bhí cruinniú an Ghrúpa Ardleibhéil Fheidhmithe i mBealtaine 2008 chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar chur i ngníomh na Straitéise. D'aontaigh an Grúpa formáid nua don chuid eile den tréimhse fhorfheidhmithe, agus athrú béime chuig seimineáir straitéiseacha agus anailís bheartais atá sainiúil don cheist.

Ráiteas ar Bheartas Nuálaíochta

D'oibrigh an NCPP le linn 2008 leis an Roinn Fiontar, Tradála agus Fostaíochta i bhforbairt a Ráitis ar Bheartas Nuálaíochta, agus a pháipéir chúlraigh thionlacain. Rianaíonn an Ráiteas ar Bheartas Nuálaíochta (Meitheamh 2008) na príomh-chomhpháirteanna de chóras náisiúnta nuálaíochta na hÉireann, agus cuireann béim ar ról na Nuálaíochta Comhpháirtíochta agus an Ionaid Oibre mar cheann de na deich bpríomhréimse beartais a chuireann taca faoi chur chuige an Rialtais ar nuálaíocht.

Ionchur i gComhaontú Trasdultach Towards 2016

Le linn 2008, d'athdheimhnigh an tAthbheithníú agus Comhaontú Trasdultach Towards 2016 údarás NCPP bheith ag obair le Rialtas agus leis na Comhpháirtithe Sóisialta ar réimse ceisteanna. Leagann Alt 4 den Chomhaontú, *Bainistíocht Athraithe agus Nuálaíochta*, na príomhdhúshláin don NCPP amach, lena n-áirítear forbairt na gcaighdeán agus an dea-chleactais i mbainistíocht athraithe ag leibhéal fiontar; an cur chun cinn leanúnach de bhaint airgeadais fhostaithe d'fhostaithe, don bhainistíocht agus do cheardchumann; tionscnamh de Shuirbhéanna Náisiúnta an Ionaid Oibre; cur i ngníomh leanúnach de Chiste Nuálaíochta an Ionaid Oibre i gcomhoibriú le geallsealbhóirí, ina measc Fiontraíocht Éireann agus na Comhpháirtithe Sóisialta.

Suirbhéanna Náisiúnta Fostaíochta

Le linn 2008, d'oibrigh an NCPP leis an bPríomh-Oifig Staidrimh le modúl tiomnaithe a dhearadh le haghaidh ionclúide sa Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta 2008. Tomhaiseann an modúl seo eispéiris d'athrú agus de nuálaíocht san ionad oibre i spriocshampla de 95,000 fostaí agus 10,800 fiontar sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha. Cuirfear tús le hobair allamuigh i 2009, agus foilseofar an Tuarascáil faoi Mhárta 2010.

Samhlacha Nua de Chóras Oibre Ardfheidhmíochta

D'fhoilsigh an NCPP agus an tÚdarás Comhionannais, in Eanáir 2008, *New Models of High Performance Work Systems: The Business Case for Strategic HRM, Partnership and Diversity and Equality Systems*. Sheol an tAire um Ghnóthaí Saothair, an tUas. Billy Kelleher, T.D. an staidéar.

